Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021
(OR. en)

8604/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0039(COD)**

**TRANS 270**
**MAR 78**
**EDUC 157**
**SOC 259**
**ETS 5**
**MI 329**
**CODEC 671**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6868/2/21 REV 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6209/21 |
| Ábhar: | **Ullmhúchán do chruinniú na Comhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an 3 Meitheamh 2021**<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2397 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha chun deimhnithe tríú tír a aithint<br>– Cur chuige ginearálta |

## COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. An 18 Feabhra 2021, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2. Is fórsa saothair suntasach iad baill den chriú a bhfuil deimhnithe tríú tír acu – go háirithe ar uiscebhealaí áirithe laistigh den Aontas – in earnáil ina bhfuil easnamh oibrithe cáilithe cheana féin.

3. Sa chomhthéacs sin, agus chun an staid sin a chur san áireamh, is é cuspóir an togra leasú a dhéanamh ar fhorálacha idirthréimhseacha Threoir (AE) 2017/2397 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint[1] chun deimhnithe tríú tír a chumhdach.

4. Le hAirteagal 38 den Treoir sin, leagtar síos bearta idirthréimhseacha maidir le deimhnithe tríú tír arna n-eisiúint roimh an 18 Eanáir 2022. Go ginearálta, leanfaidh na deimhnithe sin de bheith bailí ar uiscebhealaí intíre an Aontais a raibh siad bailí ina leith roimh an dáta sin, ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana.

5. Mar sin féin, ní dhéantar aon fhoráil sa Treoir d'aon bhearta idirthréimhseacha maidir le deimhnithe tríú tír atá aitheanta go haontaobhach faoi láthair ag na Ballstáit nó i gcomhréir lena gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

6. Mar iarmhairt air sin, ón 17 Eanáir 2022 amach, ní thabharfaí aitheantas san Aontas do dheimhnithe tríú tír go dtí go mbeidh gníomh cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún lena dtugtar aitheantas san Aontas do na doiciméid arna n-eisiúint ag an tríú tír sin. Ós rud é go bhfuil an nós imeachta chun doiciméid tríú tír a aithint sách fada agus go bhféadfadh sé nach gcuirfí bailchríoch air in am, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún foráil a dhéanamh do thréimhse leordhóthanach (go dtí an 17 Eanáir 2032) ina bhféadfaidh Ballstát leanúint de dheimhnithe tríú tír atá aitheanta faoi láthair ag an mBallstát sin go haontaobhach nó ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta a aithint ar bhonn a riachtanas náisiúnta a bunaíodh roimh an 16 Eanáir 2018 agus i ndáil le críoch an Bhallstáit atá i gceist.

7. Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, Airteagal 38 de Threoir (AE) 2017/2397 a leasú trí dhá mhír nua 7 agus 8 a chur leis.

**AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE**

8. Scrúdaigh comhaltaí na <u>Meithle um Loingseoireacht</u> an togra ag roinnt cruinnithe neamhfhoirmiúla le linn an chéad seimeastair de 2021, ag tosú le cur i láthair ón gCoimisiún agus scrúdú tosaigh an 1 Márta 2021.

9. Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici an 7 Bealtaine 2021, scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Loingseoireacht an togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo é.

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n- aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

10. Bunaithe ar an bplé, moladh líon beag leasuithe agus aontaíodh iad chun an togra a shoiléiriú nó chun é a dhéanamh níos solúbtha:

– cuireadh isteach tagairt shoiléir do chomhaontuithe idirnáisiúnta na mBallstát sa mhír nua 8 atá beartaithe;

– tá sé beartaithe go bhféadfaidh na Ballstáit leanúint de dheimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tír roimh an 18 Eanáir 2024 a aithint (agus ní an 18 Eanáir 2023 mar a mhol an Coimisiún);

– níos tábhachtaí fós, rinneadh na forálacha maidir le trasuí a shoiléiriú: rinneadh an oibleagáid an Treoir leasaitheach a thrasuí a ailíniú leis an oibleagáid Treoir (AE) 2017/2397 a thrasuí (lena n-áirítear gan í a thrasuí ar chor ar bith) agus, ar an gcaoi sin, gan ualach breise riaracháin a chruthú i gcomparáid le hoibleagáidí na mBallstát de réir na Treorach deiridh sin. Déantar é sin trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 10(3) den Treoir atá ann cheana (in ionad mhír nua 8 a mhol an Coimisiún, mír a scriosadh i gcomhréiteach na hUachtaránachta).

**AN OBAIR A RINNEADH i bPARLAIMINT NA hEORPA AGUS I gCOMHLACHTAÍ EILE DE CHUID AN AONTAIS**

11. An 18 Márta 2021, cheap an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) de chuid Pharlaimint na hEorpa Andris Ameriks (S&D-Laitvia) mar rapóirtéir.

12. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 24 Márta 2021[2].

**SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH**

13. Mar fhocal tosaigh, ba mhaith leis an Uachtaránacht a chur i bhfios go láidir go ndearnadh an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a dhréachtú go cúramach chun na hábhair imní uile a chuir na Ballstáit agus an Coimisiún in iúl a chur san áireamh, go háirithe chun deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht a chur ar fáil maidir le saincheist an trasuite.

14. Mar sin féin, coinníonn an Liotuáin an seasamh seo a leanas: ba cheart an maolú a leagtar síos in Airteagal 39(2) den Treoir reatha a chur i bhfeidhm maidir leis an oibleagáid an mhír nua 7 a thrasuí sa togra. Faoi láthair, na forálacha amháin i dTreoir (AE) 2017/2397 lena bhforchuirtear ar an mBallstát an oibleagáid a iarraidh ar bhaill den chriú deice atá i mbun

[2] 7463/21

loingseoireachta ar uiscebhealaí an Aontais deimhniú cáilíochta de chuid an Aontais nó deimhniú a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 10(2) nó (3) a iompar, leagtar síos iad in Airteagail 4(1), 5(1) agus 6 den Treoir sin. Ós rud é go ndéantar Ballstát[3] a dhíolmhú ón oibleagáid na bearta sin a thabhairt i bhfeidhm le hAirteagal 39(2) de Threoir (AE) 2017/2397, ar bearta iad atá riachtanach chun comhlíonadh Airteagail 4(1), 5(1) agus 6 a áirithiú, tuigtear nach bhfuil an Ballstát sin faoi cheangal ag riachtanas na bhforálacha a leagtar amach in Airteagail 4(1), 5(1) agus 6 gan ach cineáil áirithe deimhnithe a shealbhú; dá bhrí sin, féadfaidh an Ballstát sin an ceart a théachtadh i gcónaí maidir leis an gcinneadh a n-iarrtar deimhnithe cáilíochta ina leith a bheith ag na baill den chriú deice atá ag oibriú ar a chríoch fad a, aithneoidh an Ballstát sin, mar aon le deimhnithe eile cáilíochta (bíodh sin náisiúnta nó eisithe ag tír eile) deimhnithe cáilíochta de chuid an Aontais nó deimhnithe arna n-aithint i gcomhréir le hAirteagal 10(2) nó (3) chomh maith.

15. Tá forchoimeádas ginearálta ag an gCoimisiún ag an tráth seo den nós imeachta maidir le haon athruithe ar an togra, go bhfaighfear seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

**CONCLÚID**

16. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhréiteach ar thángthas air ar leibhéal na meithle a dhaingniú agus téacs athbhreithnithe an togra ón gCoimisiún, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun go dtiocfaidh sí ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta.

---

3 I.e. Ballstát ina n-oibríonn na daoine ar fad dá dtagraítear in Airteagail 4(1), 5(1) agus 6 go heisiach ar uiscebhealaí intíre náisiúnta nach bhfuil nasctha le gréasán inseolta Ballstáit eile.

2021/0039 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2397 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha chun deimhnithe tríú tír a aithint

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

1 IO C […], […], lch. […].
2 IO C […], […], lch. […].

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar amach bearta idirthréimhseacha chun bailíocht leanúnach deimhnithe cáilíochta, leabhar taifid seirbhíse agus logleabhar arna n-eisiúint roimh dheireadh a tréimhse thrasuite a áirithiú agus chun am réasúnta a thabhairt do bhaill oilte den chriú iarratas a dhéanamh ar dheimhniú cáilíochta de chuid an Aontais nó ar dheimhniú eile a aithnítear a bheith coibhéiseach. Cé is moite de ceadúnais loingseoireachta na Réine dá dtagraítear in Airteagal 1(5) de Threoir 96/50/CE ón gComhairle[2], áfach, níl feidhm ag na bearta idirthréimhseacha sin maidir leis na deimhnithe cáilíochta, na leabhair taifid seirbhíse ná na logleabhair arna n-eisiúint ag na tríú tíortha dá dtugann na Ballstáit aitheantas faoi láthair faoina gceanglais náisiúnta nó comhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme roimh theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/2397.

(2) Le hAirteagal 10(3), (4) agus (5) de Threoir (AE) 2017/2397, leagtar síos an nós imeachta agus na coinníollacha maidir le deimhnithe, leabhair taifid seirbhíse nó logleabhair arna n-eisiúint ag na húdaráis i dtríú tír a aithint.

(3) Toisc go bhfuil an nós imeachta chun doiciméid tríú tír a aithint bunaithe ar an measúnú ar na córais deimhniúcháin sa tríú tír iarrthach, lena chinneadh an bhfuil eisiúint na ndeimhnithe cáilíochta, na leabhar taifid seirbhíse agus na logleabhar a shonraítear san iarraidh faoi réir ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/2397, ní dócha go gcuirfear an nós imeachta aitheantais i gcrích roimh an 17 Eanáir 2022.

---

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n- aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

[2] Treoir 96/50/CE ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha a bhaineann le deimhnithe náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre sa Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 31).

(4) Chun aistriú rianúil a áirithiú chuig an gcóras aitheantais le haghaidh na ndoiciméad tríú tír dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/2397, is gá foráil a dhéanamh maidir le bearta idirthréimhseacha lena dtabharfaí an t-am is gá do na tríú tíortha chun a gceanglais a ailíniú leo siúd a leagtar síos sa Treoir sin, agus le go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar a gcórais deimhniúcháin chomh maith agus, i gcás inarb iomchuí, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh faoi Airteagal 10(5) den Treoir sin. Áiritheofar leis na bearta sin freisin deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh na ndaoine agus na n-oibreoirí eacnamaíocha atá gníomhach in earnáil an iompair ar uiscebhealaí intíre. I bhfianaise na gcuspóirí sin, is iomchuí scoithdháta a leagan síos le haghaidh na ndoiciméad tríú tír a thagann faoi raon feidhme na mbeart idirthréimhseach sin, faoi threoir síneadh dhá bhliain a chur leis an tréimhse chun an Treoir sin a thrasuí.

(5) Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na bearta idirthréimhseacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit de bhun Airteagal 38 de Threoir (AE) 2017/2397, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta idirthréimhseacha is infheidhme maidir le deimhnithe cáilíochta, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair arna n-eisiúint ag tríú tíortha agus arna n-aithint ag na Ballstáit tar éis an 17 Eanáir 2032. Thairis sin, ba cheart aitheantas le haghaidh na ndeimhnithe cáilíochta, na leabhar taifid seirbhíse agus na logleabhar sin a theorannú d’uiscebhealaí intíre an Aontais atá lonnaithe sa Bhallstát lena mbaineann.

(6) Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na bearta idirthréimhseacha is infheidhme maidir le deimhnithe cáilíochta arna n-eisiúint ag na Ballstáit, is iomchuí a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le deimhnithe tríú tír, go n-áirítear freisin sna ceanglais chomhionanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2017/2397 na ceanglais maidir le malartú na ndeimhnithe atá ann cheana a leagtar amach in Airteagal 38(1) agus (3) den Treoir sin.

(7) Dá bhrí sin, chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí iompair agus d’oibrithe iompair ar uiscebhealaí intíre, ba cheart Treoir (AE) 2017/2397 a leasú dá réir.

(8) Chun é a chur ar a chumas do na Ballstáit a bheith in ann dul ar aghaidh go pras le trasuí na mbeart dá bhforáiltear leis an Treoir seo, ba cheart di teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**(9)** I gcomhréir le hAirteagal 39(4) de Threoir (AE) 2017/2397, níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin nach bhfuil loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre indéanta go teicniúil iontu an Treoir sin a thrasuí. Ba cheart feidhm a bheith ag an maolú céanna maidir leis an Treoir seo,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir (AE) 2017/2397 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Gan dochar do mhír 2, deimhniú cáilíochta ar bith, leabhar taifid seirbhíse ar bith nó logleabhar ar bith a eisíodh i gcomhréir le rialacha náisiúnta tríú tíre lena leagtar síos ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar síos sa Treoir seo, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Airteagal 38(1) agus (3), beidh siad bailí ar uiscebhealaí intíre uile an Aontais, faoi réir an nós imeachta agus na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 4 agus 5.';

(2) in Airteagal 38, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. Go dtí an 17 Eanáir 2032, féadfaidh na Ballstáit leanúint d'aitheantas a thabhairt, ar bhonn cheanglais na mBallstát náisiúnta nó comhaontuithe idirnáisiúnta infheidhme roimh an 16 Eanáir 2018, do dheimhnithe cáilíochta, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair arna n-eisiúint ag tríú tír roimh an 18 Eanáir 2024. Beidh an t-aitheantas teoranta do na huiscebhealaí intíre i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann.'.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, rialúcháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Eanáir 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

   Beidh feidhm ag an maolú a leagtar síos in Airteagal 39(4) de Threoir 2017/2397 dá réir sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |